



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta  
2006*

# Gaeilge Ardleibhéal

---

Páipéar 2

180 MARC

---

**Aoine**  
**9 Meitheamh**  
**Maidin, 9.30 go dtí 12.50**

---

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# Treoracha d'iarrthóirí

---

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

---

**Nóta:** I gcás Ceist 1 (Prós) agus Ceist 3 (Filíocht), tá rogha idir AN CÚRSA AINMNITHE agus AN CÚRSA ROGHNACH.

I gcás Ceist 1 mar shampla is féidir ceist ar an bPrós Roghanch **nó** ar an bPrós Ainmnithe a fhreagairt; agus i gcás Ceist 3 is féidir ceist ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Roghnach a fhreagairt.

<b>Ceist 1:</b>	PRÓS: AINMNITHE (A) <b>nó</b> ROGHNACH (B)
<b>Ceist 2:</b>	PRÓSTÉACS BREISE: Do rogha idir <b>A, B, C nó D</b>
<b>Ceist 3:</b>	FILÍOCHT: AINMNITHE (A) <b>nó</b> ROGHNACH (B)  <b>agus</b>  DÁNTA DUALGAIS BREISE (C)
<b>Ceist 4:</b>	STAIR NA GAEILGE

# Ceist 1

PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) *nó* **B** (Prós Roghnach) anseo thíos.

**A**

– PRÓS AINMNITHE –

40 marc

Freagair (a) agus (b).

- (a) “Is cloíte an galar an grá,” a deir an Seanfhear (Peadar Mac Fhlannchadha) sa dráma *Lá Buí Bealtaine*. Déan plé gairid ar an léiriú a dhéantar air sin sa dráma. (25 mharc)

*nó*

An teannas a ghabhann leis an gclann nua-aimseartha is ábhar don scannán *Clare sa Spéir*. Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (25 mharc)

*nó*

“Is go simplí ach go cumasach a léirítear an chodarsnacht idir carachtar Mhuiris agus carachtar Thomáis sa sliocht seo as an dírbheathaisnéis, *Fiche Bliain ag Fás*.” Déan plé gairid air sin. (25 mharc)

- (b) “Tá an léiriú ar an tseanchoimhlint idir an mhaith agus an t-olc greannmhar den chuid is mó sa scéal *An Cearrbhach Mac Cába*.” Déan plé gairid air sin. (15 mharc)

*nó*

Maidir leis an scéal béaloidis *An Cearrbhach Mac Cába*, scríobh nóta gairid ar **dhá** cheann díobh seo a leanas i gcomhthéacs an scéil:

an greann; an áibhéil; an draíocht; an tsaint. (15 mharc)

**B**

– PRÓS ROGHNACH –

40 marc

Freagair (a) agus (b).

- (a) Maidir le dráma a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear príomhthéama amháin sa dráma sin.

[Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.] (25 mharc)

*nó*

Maidir le scannán a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar an deis a thugann modhanna na scannánaíochta dúinn chun léargas níos cruinne agus níos suimiúla a fháil ar an bpríomhthéama.

[Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an stiúrthóra, a scríobh síos go cruinn.] (25 mharc)

*nó*

“Is go simplí ach go cumasach a léirítear an chodarsnacht idir beirt de na príomhcharachtair sa sliocht.” É sin a phlé maidir leis an sliocht as dírbheathaisnéis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.] (25 mharc)

- (b) Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé **gairid** ar an gcaoi a ndéantar forbairt ar an gcoimhlint idir an mhaith agus an t-olc sa scéal **agus** ar thoradh na coimhlinte sin.

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.] (15 mharc)

*nó*

Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh nóta ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

an greann; an áibhéil; an draíocht; an tsaint.

[Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.] (15 mharc)

# Ceist 2

## PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN AS **A nó B nó C nó D** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5, 6, 7 (thall).

**A**

– GEARRSCÉALTA –

**40 marc**

Freagair (a) nó (b).

### (a) SCOTHSCÉALTA

(40 marc)

- (i) “Bíonn an dubh agus an geal le feiceáil i gcarachtair Uí Chonaire ina chuid gearrscéalta.”  
An ráiteas sin a phlé maidir le scéal amháin díobh seo a leanas:  
*Neill; Nóra Mharcais Bhig; An Bhean a Ciapadh.*

*nó*

- (ii) “Cé go mbíonn léiriú éifeachtach ar réimse leathan mothúchán i ngearrscéalta an Chonairigh, is annamh críoch shona le sonrú orthu.”  
É sin a phlé maidir le do rogha scéal amháin de na scéalta seo a leanas:  
*An Bhean ar Leag Dia Lámh uirthi; Ná Lig Sinn i gCathú; Páidín Mháire.*

### (b) CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH

(40 marc)

- (i) “Ní dubh ar fad atá na carachtair sna gearrscéalta seo, ná geal ar fad ach an oiread.”  
An ráiteas sin a phlé maidir le do rogha scéal amháin as do chnuasach roghnach.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

*nó*

- (ii) Maidir leis an bpríomhphearsa i ngearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé ar an gcaoi a dtéann gné chráite den ghrá **nó** den saol i bhfeidhm ar an duine sin.

[Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

Freagair (a) ***nó*** (b).

(a) **MÁIRE NIC ARTÁIN**

(40 marc)

- (i) “Cé go gcuireann Máire suas le deacrachtaí an tsaoil i mBéal Feirste ní éalaíonn sí riamh ón ngreim atá ag saol na hóige uirthi.”  
Déan plé ar fhírinne an ráitis sin ón méid fianaise atá san úrscéal *Máire Nic Artáin*.

***nó***

- (ii) “Cé go raibh Máire agus Seoirse fíorcheanúil ar a chéile ón tús, bhí deacrachtaí ag baint lena gcuidreamh agus iad ag fás aníos.”  
Déan plé ar fhírinne an ráitis sin ón méid fianaise atá san úrscéal *Máire Nic Artáin*.

(b) **ÚRSCÉAL ROGHNACH**

(40 marc)

- (i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar an gcuidreamh idir beirt príomhphearsana ann **agus** ar eachtra amháin ba chúis le hathrú suntasach ar an gcuidreamh sin.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

***nó***

- (ii) “Is minic in úrscéalta a bhíonn deacracht nó deacrachtaí ag baint leis an gcuidreamh idir beirt de na príomhphearsana.”

An ráiteas sin a phlé maidir le beirt de na príomhphearsana atá san úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air.

[Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

C

– DÍRBHEATHAISNÉISÍ –

40 marc

Freagair (a) **nó** (b) anseo.

**(a) A THIG NÁ TIT ORM**

(40 marc)

- (i) “Tugann Maidhc Dainín cuntas an-taitneamhach dúinn ina dhírbheathaisnéis ar ghnéithe áirithe de shaol a theaghlaigh.”  
Déan plé ar an ráiteas sin bunaithe ar a bhfuil sa leabhar *A Thig Ná Tit Orm*.

**nó**

- (ii) “Tá cur síos an-suimiúil sa leabhar *A Thig Ná Tit Orm* ar na nósanna maireachtála a chleacht na hÉireannaigh agus iad ar imirce sna caogaidí agus sna seascaidí.”  
An ráiteas sin a phlé maidir leis an gcuntas a thugann Maidhc Dainín ar a shaol i Sasana **nó** i Meiriceá.

**(b) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH**

(40 marc)

- (i) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar a éifeachtaí, dar leat, is a dhéantar léiriú inti ar ghnéithe suimiúla de theaghlach an údair.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

**nó**

- (ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan plé ar an léiriú a dhéanann an t-údar inti ar shaol na tuaithe **nó** ar eachtraí suimiúla a tharla le linn a (h)óige.

[Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

Freagair (a) ***nó*** (b) anseo.

(a) AN TRIAIL

(40 marc)

- (i) “Tá fimíneacht nó mímhacántacht le feiceáil i mbeagnach gach gné den saol mar a léirítear sa dráma seo é.”  
Déan plé ar an ráiteas sin i bhfianaise an dráma *An Triail*.

***nó***

- (ii) “Cuireann na teicníochtaí drámata a mbaineann Máiréad Ní Ghráda úsáid astu le príomhchoimhlint an dráma *An Triail*.”  
É sin a phlé i gcás do rogha teicníochtaí sa dráma *An Triail*.

(b) DRÁMA ROGHNACH

(40 marc)

- (i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar an bpríomhthéama sa dráma.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

***nó***

- (ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan trácht ar na teicníochtaí drámata a mbaintear úsáid astu chun príomhthéama an dráma a léiriú.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

# Ceist 3

## FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ar na leathanaigh 8, 9 agus 10 **nó B** (Filíocht Roghnach) ar leathanach 11 agus freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) ar na leathanaigh 12 agus 13.

**A**

– FILÍOCHT AINMNITHE –

**35 mharc**

Freagair **(a)** atá thíos **agus (b)** atá thall.

- (a)** (i) “Is caoineadh é an dán *Bímse Buan ar Buairt Gach Ló* a bhfuil cás an fhile agus cás na tíre fite fuaite ina chéile ann.”  
Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (12 mharc)
- (ii) Déan trácht ar an úsáid a bhaineann an file as tagairtí don dúlra chun príomhthéama an dáin a léiriú. (8 mharc)

### Bímse Buan ar Buairt Gach Ló

Bímse buan ar buairt gach ló,  
ag caoi go crua ’s ag tuar na ndeor,  
mar scaoileadh uainn an buachaill beo  
’s ná ríomhtar tuairisc uaidh, mo bhrón!

CURFÁ  
Is é mo laoch, mo ghille mear,  
is é mo Shaesar, gille mear;  
ní bhfuairéas féin aon tsuan ar séan  
ó chuaigh i gcéin mo ghille mear.

Ní haoibhinn cuach ba suaice ar neoin,  
táid fíorchoin uaisle ar uatha spóirt,  
táid saoithe ’s suadha i mbuairt ’s i mbrón  
ó scaoileadh uainn an buachaill beo.

Níor éirigh Phoebus féin ar cóir,  
ar chaomhchneas ré tá daolbhrat bróin,  
tá saobha ar spéir is spéirling mhór  
chun sléibhe i gcéin mar d’éala’ an leon.

Níl séis go suaice ar chruachruit cheoil,  
tá an éigse i ngruaim gan uaim ’na mbeol,  
táid béithe buan ar buairt gach ló  
ó théarnaigh uainn an buachaill beo.

### nó

- (i) Déan trácht gairid ar an gcaoi a mbaineann an file úsáid as an áibhéil agus as an ngreann le príomhthéama an dáin *Gealt?* a léiriú. (12 mharc)
- (ii) Déan plé gairid ar **dhá** mhothúchán a músclaíodh ionat féin nuair a léigh tú an dán seo. (8 mharc)

### GEALT?

Léim gealt in airde ar bhus a sé déag inné  
agus pitseámaí air – stríocaí liath is dearg orthu!  
Shuigh sé síos in aice le fear a raibh babhlaer agus *briefcase* air!  
Rug an créatúr greim an duine bháite ar a *bhriefcase*!  
Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa!  
Rug máthair greim an duine bháite ar a páiste!  
D’fhéach an páiste ar an ngealt!  
Rinne an ghealt meangadh mór mantach gáire!



Labhair an tiománaí le fear an *depot*!  
Labhair fear an *depot* le lucht 999!  
Fuair sé lucht dóiteáin ar dtús is d'fhiafraigh siadsan de  
an raibh an ghealt i mbaol nó tré thine nó in airde ar chrann  
– Ní raibh!  
Bhris an fear dóiteáin an líne!  
Ghlan an tiománaí sruth allais dá éadan!  
'A Chríost,'a scread sé – de chogar ar eagla go gcloisfeadh  
gealt na bphitseámaí é – 'Cuir fios ar na *bloody* Gardaí!'

Tháinig na Gardaí is ghlanadar an bóthar amuigh i Ráth Fearnáin!  
Tháinig an t-arm is luíodar taobh thiar dá leoraithe,  
meaisínghunnaí crochta!  
Tháinig na dochtúirí lena gcuid steallairí is le veist cheangail  
.....Tháinig an bus!  
Bhí fear an *briefcase* báite ina chuid allais féin!  
Bhí briste an tiománaí fliuch!  
Bhí bean na gcos crosáilte fós coschrosáilte!  
Bhí rúnaí a bhí le bheith in oifig mhór i Sráid Chamden  
leathuair a' chloig ó shin anois i Ráth Fearnáin!  
Bhí an páiste ag stánadh ar an ngealt!  
Bhí an ghealt ag súgradh le cnaipí a phitseámaí  
– é fós ag gáire go mantach!  
.....Stad an bus!  
.....D'ardaigh an ghealt a cheann!  
D'aithin sé dochtúir! D'aithin an veist cheangail!  
Is é fós ag gáire léim sé suas is rith amach an doras  
Isteach i lámha an dochtúra! Isteach sa veist a bhí gan lámha!

Istigh sa bhus phléasc osna faoisimh!  
Níor labhair ach an páiste –  
'A Mhamaí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí  
a chaitheamh ar an mbus?'

## Ceist 3 ar leanúint

- (b) Maidir leis an dán *Níl Aon Ní* (thíos), déan trácht **gairid** ar phríomhthéama an dáin, dar leat, agus mar a dhéanann an file léiriú ar an téama sin. (15 mharc)

### *nó*

Maidir leis an dán *Níl Aon Ní* (thíos), déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas: na mothúcháin; na híomhánna; an chodarsnacht; an t-atmaisféar. (15 mharc)

### **Níl Aon Ní**

Níl aon ní, aon ní, a stór,  
níos suaimhní ná clapsholas smólaigh  
i gCaiseal na gCorr,

ná radharc níos aoibhne  
ná buicéad stáin na spéire ag sileadh  
solais ar Inis Bó Finne.

Is dá dtiocfá liom, a ghrá,  
bheadh briathra ag bláthú ar ghas mo ghutha  
mar shiolastrach Ghleann an Átha,

is chluinfeá geantraí sí  
i gclingireacht na gcloigíní gorma  
i gcoillidh Fhána Bhuí.

Ach b'fhearr leatsa i bhfad  
brúchtbhaile balscóideach i mBaile Átha Cliath  
lena ghleo tráchta gan stad,

seachas ciúinchónaí sléibhe  
mar a gciúnaíonn an ceo le teacht na hoíche  
anuas ó Mhín na Craoibhe.

# Ceist 3 ar leanúint

**B**

– FILÍOCHT ROGHNACH –

**35 mharc**

Freagair (a) **agus** (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán seanaimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, léirigh a éifeachtaí is a úsáideann an file gnéithe den dúlra chun an príomhthéama a chur os ár gcomhair. (12 mharc)

- (ii) Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas agus dean plé ar an gcaoi a gcuireann sé le héifeacht an dáin mar aonad:  
an friotal; an t-athrá; an t-atmaisféar. (8 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

**nó**

- (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan trácht gairid ar an gcaoi a mbaineann an file úsáid as an áibhéil agus as an ngreann le príomhthéama an dáin a léiriú. (12 mharc)

- (ii) Déan plé gairid ar **dhá** mhothúchán a músclaíodh ionat féin nuair a léigh tú an dán seo. (8 marc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

- (b) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, dean plé gairid ar an bpríomhthéama atá ann, dar leat, agus ar an gcaoi a ndéanann an file léiriú ar an téama sin. (15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

**nó**

Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:

na mothúcháin; na híomhánna; an chodarsnacht; an t-atmaisféar.

(15 mharc)

[Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.]

# Ceist 3 ar leanúint

Freagair C (Dánta Dualgais Breise) ar na leathanaigh 12 agus 13.

C

– DÁNTA DUALGAIS BREISE – 35 mharc

Freagair (a) nó (b) anseo thíos.

(a) Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin seo, dar leat? Déan plé ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar an bpríomhthéama sin ó thús go deireadh an dáin. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Más uaigní an mhír atá le teacht  
Ná an radharc deire a d'imigh thart,  
Imeoidh mo chiall 's mo mheabhair ó smacht. (6 mharc)

(iii) Cén sórt duine é an file a chum an dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe mar fhreagra. (9 mharc)

## AN CHÉAD DRÁMA

Chum Dia dráma 'gleann na ndeor',  
Agus thug sé páirt ann do go leor,  
Dráma fada ar stáitse mór,  
An domhan.

'Sé Dia a chum an tragóid staire,  
Agus rinne sé leideoir den bhuachaill báire  
Táim cinnte glan go mbíonn sé ag gáire –  
Faoin aisteoireacht.

Chum sé dráma le milliúin radharc  
Agus rinne sé leideoir d'fhear na n-adharc  
Ar chúl an chuirín as ár radharc,  
Na héisteoirí.

Léiríonn sé féin a dhráma,  
Agus tugann sé na torthaí ag deireadh an ama  
Faigheann an leideoir na daoine cama  
Ach coinníonn sé fhéin na daoine mánla  
Nach aisteach.

Tá mo pháirt-se ar tí a bheith thart  
Ach ní raibh na focla a'am i gceart  
Thar fóir sa ngluaiseacht is ó smacht  
Ach tá na torthaí fós le theacht  
Chaill mé marcannaí.

Níl fanta anois ach mír bheag eile,  
Nó go dtitfidh an cuirín síos ag deireadh,  
Tiocfaidh an dráma ar aghaidh le foireann eile,  
Agus fágfar mise ag an seoladh deireadh,  
An roilig.

Más uaigní an mhír atá le theacht,  
Ná an radharc deire a d'imigh thart,  
Imeoidh mo chiall 's mo mheabhair ó smacht  
Agus scoiltfidh an croí in mo lár faoi sheacht –  
Le uaigneas.

Tiúrfaidh an dochtúir suas a chás,  
Is fágfar mise ag an mbás,  
Ansin tá mise ag deireadh an rás',  
Tabhair duais dom.

Beidh mo chnámha i gcónra dharaigh,  
Is mé sínte siar le ciumhais na mara,  
Díbir a leideoir agus teara,  
A léiritheoir.

# Ceist 3 ar leanúint

## nó

(b) Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) Déan trácht ar an gcaoi a léiríonn an file áilleacht mhealltach an oileáin sa dán seo. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Scaoilim thar toinn chugat  
Each bán mo dhúile  
Go roinnfinn mo ríocht leat.

(6 mharc)

(iii) Mínigh an meafar is fearr leat sa dán agus abair cén fáth a dtaitníonn sé leat. (9 mharc)

### AN tOILEÁN

Is liomsa an t-oileán seo  
Na haille úd  
Mar a n-eitlíonn cailleacha dubha,  
Na crainn faoi thorthaí  
A lúbann go huisce.  
As an gceo tagann báid  
Nach bhfaighidh lamairne choíche.

Ar chuma ainmhí dhoicheallaigh  
An fharraige ag mo chosa,  
Airím a mhúscailteacht,  
A dhrantán im chluasa  
Sna hoícheanta muirbhualte  
Sula dtagann suan.

Oiriúnaíonn an ithir seo dom,  
Bláthaím faoina líonmhaireacht,  
Gan roic ar m'éadan,  
Mo ghruaig gan liath.  
Scaoilim thar toinn chugat  
Each bán mo dhúile  
Go roinnfinn mo ríocht leat.

Tar agus taisligh mo ghleannta,  
Céaslaigh mo shruthanna geala  
Agus caithfidh mé mo sheal  
Ag cur meala fút,  
Beathóidh mé ar sméara thú,  
Caoróg na síoraíochta  
A mhúchfaidh do chíocras go deo.

# Ceist 4

## STAIR NA GAEILGE 30 MARC

---

Scríobh gearrchuntas ar DHÁ CHEANN díobh seo a leanas:

(a) Do rogha **beirt** díobh seo:

Brian Merriman  
Piaras Feirtéar  
Séamas Dall Mac Cuarta  
Antaine Ó Reachtaire  
Biddy Jenkinson  
Eithne Strong  
Áine Ní Ghlinn  
Cathal Ó Searcaigh

(b) Do rogha **dhá** cheann díobh seo:

Táin Bó Chuailgne  
Na Laoithe Fiannaíochta  
Na Gluaiseanna  
Foras Feasa ar Éirinn

(c) An Aisling Pholaitiúil. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(d) Dubhghlas de hÍde agus Athbheochan na Gaeilge. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(e) Roinnt difríochtaí idir do rogha **dhá** cheann de na mórchanúintí sa Ghaeilge. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(f) An Ghaeilge sna Meáin Chumarsáide. (Is leor **trí** mhórphointe.)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán